

10.0 Caibidil 10 Straitéis um Athrú Aeráide

10.1 Réamhrá

Leagtar amach sa chaibidil seo an cur chuige i leith oiriúnú don athrú aeráide agus gáis cheaptha teasa a mhaolú, de réir mar a éilítear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Dírítear aird san Acht thuas ar an ngá le méid foriomlán na n-astaíochtaí gás cheaptha teasa a laghdú agus straitéis oiriúnaithe a fhorbairt leis na rioscaí a mheastar atá romhainn amach a bhainistiú.

An chéad rud a dhéantar sa chaibidil ná sainmhíniú a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar na rioscaí bainteacha is eol dúinn cheana, a meastar go mbeidh tionchar acu ar Éirinn sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, agus ansin leagtar amach an comhthéacs reachtúil ina mbainistítear an t-athrú aeráide ar bhonn idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Déantar iniúchadh sa chaibidil ar an gcaoi a ndearnadh straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe a chomhcheangal le príomhchuid an Phlean Forbartha Contae. Rinneadh amhlaidh lena chinntiú gur forbraíodh an straitéis um athrú aeráide go comhoibríoch, agus go bhfuil sí nasctha agus i gcomhréir go hiomlán le Beartais agus Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae, ós rud é go bhfuil an t-athrú aeráide ar na saincheisteanna leathana is suntasaí sa Phlean.

Reáchtáladh Tionól Saoránach in 2018 chun plé a éascú ar dhúshlán an athraithe aeráide, agus d'éascair sraith moltaí ón Tionól sin. D'éisigh an Comhchoiste Oireachtais um Athrú Aeráide sraith chuimsitheach moltaí in 2018. Ghlac Dáil Éireann d'aon ghuth le tuairisc an Choiste in 2019. Is cuid iad na moltaí sin de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, freagairt Éireann maidir le dul i ngleic leis an gcliseadh aeráide.

Díríodh aird faoi leith i mBealtaine 2019 ar an ngéarghá le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna aeráide, nuair a d'fhógair Dáil Éireann Éigeandáil Aeráide agus Bithéagsúlachta. Seachas Éire, ní raibh ach tír amháin eile ar domhan tar éis fógra dá leithéid a eisiúint.

10.2 Cad is athrú aeráide ann?

Tagraíonn an t-athrú aeráide d'athrú fadtéarmach mórsála ar phátrúin aeráide dhomhanda ná réigiúnacha. Le blianta beaga anuas, tá na teochtaí domhanda ag dul in airde de réir a chéile. Tá an 'iarmhairt cheaptha teasa' ann mar thoradh ar an ráta de dhóchán dé-ocsaíd carbóin, atá ag síormhéadú, agus mar thoradh ar astú gás cheaptha teasa eile amhail meatán agus ocsaíd nítriúil ó bhí an réabhlóid thionsclaíoch ann. Bíonn na gáis sin á nginiúint ag an-chuid gníomhaíochtaí; Ar na gníomhaíochtaí ina measc siúd a chuireann le méideanna arda de na cineálacha astaíochtaí thuas, tá an táirgeadh leictreachais, an ghníomhaíocht thionsclaíoch, an t-iompar agus an talmhaíocht. Bíonn na gáis sin ag carnadh in atmaisféar an Domhain, agus de réir a chéile, gabhann siad níos mó agus níos mó d'fhuinneamh na gréine, rud a chruthaíonn athrú foriomlán sna pátrúin atmaisféir dhomhanda.

Dá bharr sin, tá aeráid Éireann agus na Mí ag athrú, agus tá mórchuid den lucht eolaíochta den tuairim go mbeidh tuilleadh luais faoin athrú sin sna blianta atá romhainn amach.

Is follasach cheana athruithe san aeráid atá ag tarlú céim ar chéim, lena n-áirítear:

- méaduithe sna teochtaí meánacha,
- aimsir níos fliche sa gheimhreadh,
- báisteach níos déine,

- níos mó tuilte,
- méadú ar thriomach sa samhradh,
- ardú ar leibhéil na farraige.
- damáiste d'éiceachórais agus do bhithéagsúlacht atá ann cheana.

D'fhéadfadh iarmhairtí dearfacha a bheith i gceist freisin, mar shampla, níos lú laethanta an-fhuar.

Cé go bhfuil neamhchinnteacht ag baint le cineál agus méid na n-iarmhairtí, is gá bearta a chur i bhfeidhm láithreach bonn chun ullmhú lena n-aghaidh agus chun iad a bhainistiú.

10.3 Comhthéacs Reachtúil

Tá forálacha leagtha amach freisin in Alt 10 (2) (n) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) maidir leis an athrú aeráide. Áirítear leo sin an gá le:

- (i) laghdú a bhaint amach san éileamh ar fhuinneamh chun freagairt don mhéadú dóchúil ar chostais fuinnimh agus rudaí eile mar thoradh ar an meath fadtéarmach ar acmhainní neamh-inathnuaite,
- (ii) laghdú a bhaint amach ar astaíochtaí antrapaigineacha (saorga) de gháis cheaptha teasa, agus
- (iii) dul i ngleic leis an ngá le dul in oiriúint don athrú aeráide; go háirithe i dtaca le suíomh, leagan amach agus dearadh aon fhorbartha nua.

10.4 Comhthéacs Beartais

Creat-coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC) (1992)

Tá réimse de chomhaontuithe agus creataí idirnáisiúnta um athrú aeráide ceadaithe a chuireann faisnéis ar fáil maidir le tionchair, leochaileachtaí agus oiriúnuithe athraithe aeráide. Cuireann obair UNFCCC mionsonraí teicniúla ar fáil do thíortha, lena n-áirítear meastacháin reatha agus todhchaí maidir leis an athrú aeráide, agus cuireann an t-eolas sin ar a gcumas, bearta oiriúnaithe praiticiúla a chinneadh, a fheabhsóidh a dteacht aniar san fhadtárma.

Nasctha le hobair UNFCCC – Glacadh Prótocal Kyoto in Kyoto na Seapáine ar an 11 Nollaig 1997, agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 16 Feabhra 2005. Leagtar amach ann spriocanna ceangailteacha le haghaidh 37 tír tionsclaithe agus an Chomhphobail Eorpaigh ó thaobh astaíochtaí a laghdú de. Anuas air sin, glacadh le 'Comhaontú Pháras' ar an 12 Nollaig 2015. D'aontaigh an 196 ball uile faoi scáth UNFCCC go gcoinneodís an méadú ar an teocht domhanda ag leibhéal i bhfad faoi bhun 2 chéim Celsius níos airde ná na leibhéil réamhthionsclaíocha, agus go ndíreoidís i gcónaí ar sprioc níos déine fós, is é sin, leibhéal faoi bhun 1.5 a bhaint amach. Soláthraíonn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit maoiniú agus tacaíocht do thíortha in UNFCCC i dtaca le hoiriúint don athrú aeráide.

Straitéis Oiriúnaithe an Aontais Eorpaigh (2013)

D'fhoilsigh an tAontas Eorpach a Straitéis Oiriúnaithe in Aibreán 2013, agus an aidhm ghinearálta bhí aige ná an tseasmhacht i leith na haeráide a fheabhsú ar fud na hEorpa. Bunaithe ar chomhordú méadaithe

agus ar chur chuige níos comhdhlúite a chur ar fáil, feabhsóidh an Straitéis Oiriúnaithe an ullmhacht agus an éifeachtacht ag gach leibhéal rialachais le go mbeifí in ann freagairt d'iarbhairtí an athraithe aeráide

Díríonn an Straitéis ar thrí phríomhchuspóir:

- Gníomhartha arna ndéanamh ag na Ballstáit a chur chun cinn
- Gníomhartha 'díonta ó thaobh na haeráide de' ag leibhéal an AE
- Cinnteoireacht níos feasaí

Baintear na príomhthionscnaimh oiriúnaithe a chuireann an Straitéis chun cinn amach trí fhoráil a dhéanamh do riachtanais mhaolaithe agus oiriúnaithe laistigh de bheartais agus sásraí maoinithe an AE. Reáchtáiltear na tionscnaimh ar feadh roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- bonneagar agus foirgnimh
- saincheisteanna muirí agus uisce intíre
- foraoiseacht
- talmhaíocht agus
- comhtháthú sóisialta

An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (2015)

Is é an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 an phríomhionstraim bheartais a úsáidtear chun déileáil le ceist an athraithe aeráide in Éirinn. Tá treochlár leagtha amach san Acht i ndáil le haistriú Éireann i dtreo geilleagar ísealcharbóin, agus tugtar mionsonraí ann freisin faoi mheicníochtaí chun an 'Plean Náisiúnta Aistrithe agus Maolaithe Ísealcharbóin' (Plean Náisiúnta Maolaithe) arna fhoilsiú ar an 19/07/2017, a chur i bhfeidhm d'fhonn leibhéal astaíochtaí gás ceaptha teasa Éireann a ísliú, agus 'Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide' (Plean Náisiúnta um Oiriúnú), glacadh leis na haighneachtaí deiridh ina leith ar an 27/10/17 agus fuarthas 27 aighneacht, chun soláthar a dhéanamh do fhreagraí ar na hathruithe atá ann mar thoradh ar an athrú aeráide – Bhí an dá cheann díobh le cur isteach lena bhfaomhadh in 2018. Déanfar iad a athnuachan gach cúig bliana agus is gá go mbeadh pleananna earnála saincheaptha san áireamh leo.

Éilíonn an tAcht ar chomhlachtaí poiblí go ndéanfaidís machnamh gníomhach ar iarrachtaí maolaithe agus oiriúnaithe, agus chuige sin, go mbainfidís leas as na spriocanna atá leagtha amach sa Treochlár Náisiúnta Ísealcharbóin, sa chreat náisiúnta um oiriúnú agus sna pleananna oiriúnaithe earnála

Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide (NCCAF) (2012)

Soláthraíonn an Creat an comhthéacs beartais a bheidh ina bhonn le freagairt straitéiseach náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide in Éirinn. Dírítear aird ann ar ról na pleanála agus na forbartha ó thaobh bearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm de, agus aithnítear ann na tairbhí a bhaineann le páirtithe leasmhara i gcoitinne a bheith gafa le spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach ag leibhéal áitiúil.

Cuireann NCCAF achoimre ar fáil de na dúshláin atá roimh earnálacha atá faoi thionchar an athraithe aeráide, lena n-áirítear:

- uisce,
- cóstaí,
- cúrsaí mara,

- talmhaíocht,
- foraoiseacht,
- bithéagsúlacht,
- fuinneamh,
- iompar,
- cumarsáid,
- árachas,
- oidhreacht;
- agus sláinte

An Creat Náisiúnta um Oiriúnú

Sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide, a fhoilseofar in 2018, leagfar amach an chéad straitéis reachtúil in Éirinn le haghaidh cur i bhfeidhm beart oiriúnaithe in earnálacha rialtais éagsúla, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla. Aighneachtaí dúnta ar an 27/10/17, 27 aighneacht faighte. Is é aidhm an Chreata leochaileacht an Stáit maidir le hiarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide a laghdú, ach freisin aon iarmhairtí dearfacha a d'fhéadfadh tarlú a chur chun cinn.

Cuirfidh an Creat leis an obair shuntasach a rinneadh cheana faoin NCCAF reatha, agus cinnteoidh sé go dtabharfar an t-oiriúnú aeráide in Éirinn chun tosaigh i gcomhréir leis an AE agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

An Plean Maolaithe Náisiúnta

Ba chéim tosaigh é an chéad Plean Maolaithe Náisiúnta, a foilsíodh in 2017, chun Éirinn a chur ar an mbealach i dtreo a geilleagar a dhícharbónú. Is Plean Uile-Éireann é, a chlúdaíonn na hearnálacha lárnacha seo a leanas:

- Giniúint Leictreachais.
- An Timpeallacht Thógtha,
- Iompar agus
- Talmhaíocht

Cuireann na bearta atá leagtha amach sa phlean dúshraith síos maidir le hÉirinn a aistriú go geilleagar ísealcharbóin, atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, faoi 2050. Mar thacaíocht dó sin, cuimsíonn an Plean os cionn 100 gníomh aonair d'Airí agus do chomhlachtaí poiblí éagsúla le dul ar aghaidh leo agus an Plean á chur i bhfeidhm. Is é aidhm Bheart 20 ná na Treoirlínte Fuinnimh Gaoithe a thabhairt chun críche, táthar ag feitheamh leis sin.

An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)

Leagtar amach sa Chreat ról an chórais pleanála maidir le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó a éascú, agus maidir lena chinntiú go mbeidh gréasáin bhonneagair inbhuanaithe in ann seasmhacht a chruthú i gcoinne an athraithe aeráide.

Sa chomhthéacs sin, is é príomhspríoc Thoradh Straitéiseach Náisiúnta 8 go mbainfear aistriú amach i dtreo Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach i gcoinne an Athraithe Aeráide. Rachaidh an spríoc sin i bhfeidhm ar roghanna infheistíochta sna blianta atá romhainn amach, i gcomhréir leis an bPlean Maolaithe Náisiúnta agus an Creat Náisiúnta um Oiriúnú, agus tugtar le fios sa spríoc go mbeidh córais fuinnimh agus eangacha tarchurtha nua de dhíth chun go mbeifí in ann córas níos scaipthe a chruthú, atá dírithe ar an bhfuinneamh inathnuaite; beidh córas dá leithéid in ann leas a bhaint as an

acmhainneacht shuntasach atá le fáil, ar talamh agus amach ón gcósta, ó fhoinsí fuinnimh amhail an ghaoth, na tonnta agus an ghrian, agus san am ceanna, beidh sé in ann na foinsí is saibhre den fhuinneamh sin a nascadh leis na foinsí is mó éilimh. An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

Aithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch gur dúshlán domhanda é an t-athrú aeráide anois, agus go gcaithfear cur chuige láidir stuama a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Beidh iarmhairtí fadréimseacha éagsúla ag an athrú aeráide ar chomhshaol, sochaí agus forbairt eacnamaíoch Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, lena n-áirítear éiceachórais bhainistithe agus nádúrtha, acmhainní uisce, talmhaíocht, slándáil bia agus an bithgheilleagar, sláinte an duine, agus criosanna cósta.

Oibreoidh Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre go dlúth leis na hOifigí Réigiúnacha nuacheaptha um Athrú Aeráide. Beidh Oifig um Athrú Aeráide Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (atá á hoibriú ag na ceithre húdarás áitiúla i mBaile Átha Cliath, le cabhair ó Codema) agus Oifig um Athrú Aeráide Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre (atá á hoibriú ag Comhairle Contae Chill Dara) freagrach as pleanáil agus bearta maidir le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó ina sainréigiún féin. Cinnteoidh na hOifigí um Athrú Aeráide go mbeidh leanúnachas agus comhordú ann i gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch nuair a bheidh pleananna oiriúnaithe réigiúnacha um athrú aeráide á gceapadh.

Baineann na Spriocanna Beartais Réigiúnaigh seo a leanas leis an Athrú Aeráide

Sprioc Beartais Réigiúnaigh 7.30: Laistigh d'aon bhliain amháin ó glacadh leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, féachfaidh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, le hathbhreithniú a dhéanamh ar astaíochtaí iompair sa réigiún sa chaoi gur féidir réamhaisnéisiú maidir le gáis cheaptha teasa a shainaithint agus d'fhonn iarmhairtí na n-astaíochtaí a tharlaíonn mar thoradh ar fhorbairt sa Réigiún a anailísiú.

Sprioc Beartais Réigiúnaigh 7.31: Laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dóibh athbhreithniú ar astaíochtaí réigiúnacha a chur i bhfeidhm, tiomsóidh agus foilseoidh EMRA fardal náisiúnta d'astaíochtaí agus, i gcomhpháirt leis na ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, déanfaidh siad spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí a chomhaontú de réir pleananna náisiúnta earnála comhaontaithe, agus tacóidh siad freisin le laghdú comhiomlán 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 de réir Chreat AE 2030.

Sprioc Beartais Réigiúnaigh 7.32: Le cabhair agus tacaíocht ó na hOifigí Réigiúnacha um Athrú Aeráide, déanfaidh na húdaráis áitiúla straitéisí oiriúnaithe agus maolaithe áitiúla um athrú aeráide a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, ina dtabharfar aghaidh ar cheisteanna ar leith, lena n-áirítear leochaileacht áitiúil maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide, agus ina ndéanfar bearta a shainaithint agus a bhrú ar aghaidh, de réir Phrionsabail Treorach an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú agus an Phlean Náisiúnta Maolaithe.

Sprioc Beartais Réigiúnaigh 7.33: Cuirfidh na hOifigí Réigiúnacha um Athrú Aeráide tacaíocht ar fáil do na húdaráis áitiúla maidir le forbairt, glacadh agus cur i bhfeidhm straitéisí áitiúla gníomhaithe ar son na haeráide (agus tabharfaidh na straitéisí sin aghaidh ar oiriúnú agus ar mhaolú araon). An tacaíocht leanúnach a sholáthraítear, ba chóir go mbainfeadh sin leis na bearta, oibleagáidí agus amscálaí sonracha is gá do na húdaráis áitiúla tabhairt fúthu maidir leis na straitéisí thuas, i gcomhréir le straitéisí áitiúla um oiriúnú don athrú aeráide, agus chun beartais náisiúnta a chomhlíonadh.

Sprioc Beartais Réigiúnaigh 7.34: Tacaíonn EMRA leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an mBithgheilleagar (2018), agus tacaíonn siad freisin le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ar

fáil sa gheilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear tabhairt faoi staidéar féidearthachta ar an mbithgheilleagar don Réigiún chun an réimse a bhfuil acmhainneacht fáis ag baint leis sa Réigiún a shainaithint, le go mbeadh sin ina bhonn leis an infheistíocht, i gcomhréir leis an sprioc náisiúnta maidir le haistriú chuig geilleagar ísealcharbóin aeráid-díonach.

10.5 An Maolú agus an tOiriúnú a Chomhcheangal sa Phlean Forbartha Contae

Táthar tar éis straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe um athrú aeráide a chuimsiú i mBeartais agus Cuspóirí lárnacha an Phlean Forbartha Contae. Rinneadh amhlaidh lena chinntiú go mbeadh an t-athrú aeráide comhcheangailte ar bhonn leanúnach sna téamaí beartais a dtéann an plean sin i ngleic leo. Níl san áireamh ach foinsí agus iarmhairtí an athraithe aeráide atá cuimsithe i sainchúram reachtúil an Phlean Forbartha Contae. Déantar iniúchadh sa dréacht de ‘Straitéis Oiriúnaithe Chontae na Mí’ ar mhodhanna féideartha chun astaíochtaí a laghdú, agus leagtar roghanna oiriúnaithe amach ann freisin.

10.5.1 Cuspóirí maidir leis an Athrú Aeráide

1. Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide agus na bearta seo a leanas a éascú d’fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú:
 - a. Astaíochtaí Chomhairle Contae na Mí a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020.
 - b. Astaíochtaí CO₂ an chontae a laghdú faoi 40% ar a laghad faoin mbliain 2030
2. Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide agus an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide Seasmhacht a Chothú maidir leis an Athrú Aeráide 2012 tríd an bPlean Forbartha Contae agus ar bhonn Plean um Oiriúnú don Athrú Aeráide a ullmhú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha
3. An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch a chur i bhfeidhm i dtaca leis an méid seo a leanas:
 - Forbairt dhlúth i gceantair a bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí orthu;
 - Rialú tithe amhantracha amuigh faoin tuath;
 - Dlús cónaithe méadaithe in aice le nóid iompair poiblí;
 - Pobail ‘mhaireachtála oibre’ a spreagadh

10.5.2 Maolú an Athraithe Aeráide

An sainmhíniú atá ar mhaolú sa chás seo na aon eadráin dhaonna a bhfuil d’aidhm aici iarmhairtí díobhálacha ar chóras aeráide an domhain a laghdú, lena n-áirítear bearta a laghdaíonn astaíochtaí go gníomhach agus cruthú nó feabhsú linnte dé-ocsaíd charbóin. Is féidir é sin a bhaint amach ach leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua, seantrealamh a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh na húsáide fuinnimh de, nó cleachtais bhainistíochta agus iompar tomhaltóirí a athrú.

Fiú agus feabhsuithe suntasacha ar éifeachtúlacht na teicneolaíochta á gcur san áireamh, áfach, beidh ardéileamh ar an bhfuinneamh fós. Is den bhunriachtanas é, mar sin, bogadh i dtreo córas fuinnimh atá bunaithe ar bhreoslaí ísealcharbóin nó breoslaí ina n-úsáidtear leibhéal charbóin an-íseal.

Ciallaíonn sin go gcaithfear éirí as cumhacht thraidisiúnta amhail gual agus cumhacht ghásadhainte a úsáid, agus aistriú chuig leictreachas a ghintear ó fhoinsí inathnuaite, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua, mar shampla, gabháil agus stóráil dé-ocsaíd charbóin.

10.5.3 Foinsí astaíochtaí sa Chontae

Chuir Contae na Mí Fardal Astuithe Bunlíne i gcrích in 2012 chun a fháil amach cérbh iad príomhfhoinsí na n-astaíochtaí sa chontae. Chruthaigh sé sin pictiúr táscach de lorg fuinnimh reatha agus measta Chontae na Mí, arbh ionann é agus iomlan de 1,453 coibhéis cileaton CO₂.

Is é seo a leanas an deighilt earnála a bhaineann leis na hastaíochtaí ina n-iomláine:

Earnáil	Sciar na nAstaíochtaí Iomlána
Iompar	28.8%
Talmhaíocht	24.1%
Cónaithe	23.9%
Tionscal	14.6%
Seirbhísí	7.5%
Comhairle Contae na Mí	1.2%

Tríd is tríd, tá an sciar astaíochtaí, agus é deighilte idir na hearnálacha éagsúla, ag teacht leis na torthaí ó Fhardal Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Éireann, ach amháin go bhfuil leithdháileadh beagáinín níos airde ann i leith an iompair. An chúis leis sin ná go bhfuil an líon carranna i gContae na Mí níos airde de bheagán ná an meán náisiúnta.

10.5.4 Iompar

Is é earnáil an iompair is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i gContae na Mí. Is é an taisteal i bhfeithiclí príobháideacha an phríomhchúis leis sin, agus eascraíonn tromlach na n-astaíochtaí ó úsáid breoslaí atá bunaithe ar pheitriam - is as dóchán na mbreoslaí sin a dhíorthaítear carbón agus dé-ocsaíd nítrigine. Is ag Contae na Mí atá na rátaí is airde comaitéireachta amach as an gContae,¹ agus is i gcarranna a dhéantar mórchuid na comaitéireachta sin.

Más aidhm é mar sin, na hastaíochtaí ón earnáil thuas a laghdú, tá sé ríthábhachtach go spreagfaí daoine chun aistriú i dtreo úsáid níos leithne a bhaint as an iompar poiblí agus an iompar gníomhach.

Ar an ábhar sin, tugadh aghaidh ar na réimsí maolaithe seo a leanas sa Phlean Forbartha Contae:

Straitéis Mhaolaithe	Cuspóirí Gaolmhara
- Éifeachtúlacht an chórais iompair a mhéadú agus an gá le carr a bheith i seilbh daoine a laghdú.	BEA IOM 1: Tacú leis an talamhúsáid a chomhcheangal leis an mbonneagair iompair agus an comhcheangal sin a éascú, agus chuige sin, lonnaíochtaí dlútha inbhuanaithe a fhorbairt, a bhfuil freastal maith ag an iompar poiblí orthu.

¹ Lasmuigh d'Údarás Bhaile Átha Cliath.

<ul style="list-style-type: none"> - Forbairt pobal ‘maireachtála oibre’ a chur chun cinn, - Díriú ar forbairt chomhdhlúthaithe, athfhorbraíochta, inlíonta gar do nóid iompair phoiblí 	<p>BEA CS 1: Forbairt pobal inbhuanaithe sa Chontae a chur chun cinn agus a éascú, agus chuige sin, an leibhéal fás i ngach lonnaíocht a bhainistiú d’fhonn a chinntiú go bhfuil fás na todhchaí i gcomhréir leis an gCroístraitéis agus leis an Ordthas Lonnaíochta Contae, ionas go mbeidh ceantair dhlútha uirbeacha agus pobail tuaithe inbhuanaithe ann.</p> <p>CUS CS 4: Fás níos dlúithe a bhaint amach, agus chun é sin a dhéanamh, láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta/athghiniúna a fhorbairt, agus talamh thearcúsáidte a athfhorbairt laistigh de lorg foirgnithe na lonnaíochtaí seanbhunaithe agus gar dó, de rogha ar sin a dhéanamh i limistéir ar imeall an lárcheantair.</p> <p>BEA IOM 3: Bearta pleanála i ndáil le talamhúsáid inbhuanaithe a chur chun tosaigh, a éascóidh éifeachtúlacht iompair, dea-thorthaí ar infheistiúocht san iompar, íoslághdú iarmhairtí comhshaoil, agus aistriú ginearálta i dtreo úsáid níos leithne an iompair phoiblí ar fud an Chontae.</p> <p>BEA IOM 4: Dlús níos airde a chur chun cinn maidir le forbairt cónaithe in ionaid lonnaíochta feadh na gconairí iompair phoiblí, nach bhfuil suite i limistéir ina bhfuil riosca tuilte, nó nach méadóidh teochtaí ceantar uirbeach.</p> <p>BEA IOM 9: A chinntiú go bhfuil dearadh agus pleanáil an bhonneagair agus na seirbhísí iompair ag teacht le prionsabail na sábháilteachta inbhuanaithe, ionas go gcuirfean an raon riachtanas is leithne san áireamh, lena náirítear riachtanais choisithe, rothaithe, daoine breacaosta agus daoine a bhfuil laguithe luaineachta orthu.</p> <p>BEA IOM 11: Modhanna eile iompair seachas an carr a éascú i gcomhpháirt leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha eile, lena n-áirítear soláthar feabhsaithe seirbhísí iompair phoiblí feadh conairí réigiúnacha (mar atá leagtha amach i Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035); seirbhísí áitiúla rialta bus a nascann limistéir chónaithe le Láir Cheantair agus Láir Bhaile, agus a fhreastalaíonn ar cheantair siopadóireachta, ceantair fostaíochta agus ionaid eile gníomhaíochta freisin, agus naisc acu le príomhphointí idirthurais iompair.</p> <p>BEA IOM 13: Áiseanna Páirceála agus Taistil, a chuireann feabhas ar a inrochtana atá iompar poiblí gan cur le brú tráchta ar na bóithre, nó a bhfuil an fad a thaistealaítear i gcarr méadaithe mar thoradh orthu, a chur chun cinn agus tacú leo ag suíomhanna oiriúnacha sa Chontae.</p>
<ul style="list-style-type: none"> - Feabhas a chur ar an mbonneagar atá ag teastáil le go mbeadh daoine in ann obair sa bhaile nó i moil 	<p>BEA BON 54: Bonneagar ardtoillte Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthar, mar aon le líonra leathanbanda agus craoladh digiteach ar fud an Chontae.</p>

<p>teicneolaíochta áitiúla, d'fhonn an gá le taisteal chun na hoibre a laghdú</p>	<p>BEA BON 55: Dréim le TFC nuaimseartha cuí a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear naisc shnáthoptaice rochtana oscailte i ngach forbraíocht nua, agus ductú líonmhar, atá neodrach ó thaobh iompróra de, a shuiteáil le linn oibreacha bonneagair phoiblí tábhachtacha amhail bóithre, iarnród, uisce agus séarachas, áit ar féidir.</p>
<p>- Úsáid níos leithne iompair phoiblí a ghríosú sa réigiún</p>	<p>BEA IOM 4: Dlús níos airde a chur chun cinn maidir le forbairt cónaithe in ionaid lonnaithe feadh na gconairí iompair phoiblí, nach bhfuil suite i limistéir ina bhfuil riosca tuilte, nó nach méadóidh teochtaí ceantar uirbeach.</p> <p>BEA IOM 6: Soláthar Chéim II de thionscadal líne iarnróid na hUaimhe agus na seirbhísí iarnróid bainteacha a chur chun cinn, a éascú agus a bhrú ar aghaidh i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile.</p> <p>BEA IOM 7: Tacú le Clár Leathnaithe an DART, lena n-áirítear bonneagar nua agus leictriú na línte reatha, rud a chuimsíonn seirbhísí leictirthe a sholáthar do Dhroichead Átha, Maigh Nuad agus an Páircbhealach M3, ar an Líne Mhaigh Nuad/Shligigh.</p> <p>BEA IOM 8: Comhoibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun go soláthrófaí athbhreithnithe leanúnacha ar an ngréasán bealaí bus i gContae na Mí, agus tacú le soláthraí iompair phoiblí, agus iad a ghríosú chun seirbhísí bus feabhsaithe a chur ar fáil ar fud an Chontae.</p> <p>BEA IOM 10: Cinntiú go leagfar forbraíochtaí nua amach in ionaid Fáis Réigiúnacha, i bPríomhbhailte, i mBailte Fáis Féinchothabhálacha, agus i mBailte Féinchothabhálacha ar chaoi a n-eascóidh soláthar seirbhísí bus áitiúla.</p> <p>CUS IOM 2: Na háiseanna i stáisiúin sheanbhunaithe a fheabhsú, i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Iarnród Éireann.</p> <p>CUS IOM 4: Uasghrádú stáisiún seanbhunaithe a éascú agus a spreagadh, agus áit ar gá, na tailte a chosaint a bhféadfadh go mbeadh gá leo chun línte iarnróid nó stáisiúin reatha a uasghrádú, nó chun stáisiúin iarnróid nua a chur ar fáil timpeall an Chontae.</p> <p>CUS IOM 9: Bearta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm, áit ar cuí, sa bhonneagar bóthair reatha agus in aon bhonneagar bóthair atá pleanáilte, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Bus Éireann agus Bonneagar Iompair Éireann (más ábhartha).</p> <p>CUS IOM 10: Easnaimh sa bhonneagar bus a shainiú, agus liosta tosaíochtaí a thiomnú a bheidh ina bhonn le maoiniú a fháil chun críche oibreacha feabhsúcháin, lena n-áirítear soláthar</p>

	<p>scáthlán bus, stadanna bus agus faisnéis taistil ag stadanna bus.</p> <p>CUS IOM 12: Mol iompair Phoiblí a chur i bhfeidhm san Uaimh, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, chun freastal ar sheirbhísí bus náisiúnta, comaitéireachta, réigiúnacha agus áitiúla.</p> <p>BEA IOM 13: Áiseanna Páirceála agus Taistil, a chuireann feabhas ar a inrochtana atá iompar poiblí gan cur le brú tráchta ar na bóithre, nó a bhfuil an fad a thaistealaítear i gcarr méadaithe mar thoradh orthu, a chur chun cinn agus tacú leo ag suíomhanna oiriúnacha sa Chontae.</p> <p>CUS IOM 21: Áiseanna malartáin iompair phoiblí a sholáthar i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear áiseanna le haghaidh tascaithe, ag pointí cuí ar an ngréasán iompair phoiblí, go hairithe sna príomhionaid uirbeacha.</p>
<p>- Úsáid níos leithne iompair ghníomhaigh a ghríosú sa réigiún</p>	<p>BEA IOM 17: Gréasán rothaíochta agus siúil leanúnach straitéiseach ar ardchaighdeán a shainithint, agus féachaint lena chur i bhfeidhm ar fud an Chontae; a chinntiú freisin go mbeadh an gréasán sin comhcheangailte leis an iompar poiblí agus go mbeadh sé idirnasctha le cinn scríbe agus taitneamhachtaí cultúrtha, áineasa, miondíola, oideachais agus fostaíochta.</p> <p>BEA IOM 18: Tacú le soláthar conairí siúil/rothaíochta fadraoin, agus iad idirnasctha le cheile, idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.</p> <p>BEA IOM 19: Tacú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le plean le haghaidh gréasán coisithe straitéiseach a fhorbairt do phríomhionaid uirbeacha an Chontae.</p> <p>BEA IOM 20: Cuimsiú bealaí rothaíochta sábháilte éifeachtúla, cosán inrochtana agus conairí siúil a spreagadh, áit ar cuí, sna scéimeanna dearaidh a cheaptar le haghaidh láir bhailte/ionaid chomharsanachta, forbraíochtaí cónaithe, oideachais, fostaíochta agus áineasa, agus úsáidí eile nach iad.</p> <p>BEA IOM 21: A éileamh go gcuirfí áiseanna leordhóthanacha ar fáil i láithreacha áisiúla gar do nóid agus mhalartáin iompair phoiblí, chun go mbeifí in ann rothair a pháirceáil go slán sábháilte iontu.</p> <p>BEA IOM 22: Gluaiseacht shlán coisithe agus rothaithe i gcóngar nóid iompair phoiblí a bheith mar phríomhthosaíocht.</p> <p>CUS IOM 25: Moltaí straitéis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le bonneagar siúil agus rothaíochta a chur i bhfeidhm.</p>

	<p>CUS IOM 26: Leagan amach na n-acomhal bóthair a leasú, áit ar cuí, chun trasrianta coisithe tiomnaithe a chur ar fáil, chun an fad a bhaineann le siúl trasna an bhóthair a laghdú, chun bealaí níos díri a sholáthar do choisithe, agus chun laghdú a bhaint amach ar luas tráchta atá ag iompú.</p> <p>CUS IOM 27: Scéimeanna agus feabhsúcháin maidir le bealaí áitiúla a éascú do choisithe a chur i bhfeidhm i láithreacha ina dteastaíonn siad.</p> <p>CUS IOM 28: A iarraidh go seolfáí pleananna isteach maidir le bealaí áitiúla a éascú do choisithe mar chuid d'fhorbraíochtaí tithíochta nua.</p> <p>CUS IOM 29: Scéimeanna um áirithiú do choisithe a chur i bhfeidhm i láithreacha cuí, go háirithe i limistéir lárnacha ina mbíonn neart coisithe, mar shampla, príomhionaid mhiondíola.</p> <p>CUS IOM 30: Leanúint d'fhorbairt gréasáin Glasbhealaí sa Chontae de réir Straitéis na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le Forbairt Glasbhealaí sa Todhchaí.</p> <p>CUS IOM 31: Gabháil don phróiseas Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh nuair is gá, d'fhonn cur i gcrích tráthúil an chláir Glasbhealaigh sa Chontae a éascú.</p>
<p>- Daoine a spreagadh le feithiclí leictreacha a úsáid</p>	<p>BEA IOM 16: Tacú le bonneagar luchtaithe leictreachais a chur ar fáil d'fheithiclí leictreacha ar an tsráid agus i bhforbraíochtaí nua de réir na gcaighdeán carrpháirceála agus an dea-chleachtais.</p> <p>CUS IOM 23: Soláthar bonneagair luchtaithe leictreachais a éascú d'fheithiclí leictreacha ar an tsráid agus i bhforbraíochtaí nua de réir na gcaighdeán carrpháirceála agus an dea-chleachtais.</p> <p>CUS IOM 24: Dul chun cainte le gníomhaireachtaí ábhartha agus obair i gcomhar leo chun úsáid níos fairsinge feithiclí leictreacha agus rothar leictreach a spreagadh, agus tacú leis sin trí áiseanna/bonneagar tacaíochta; chun an méid sin a bhaint amach, pointí luchtaithe leictreacha breise a sheoladh i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí ábhartha i láithreacha cuí, lena n-áirítear iarfheistiú pointí luchtaithe in ionaid uirbeacha reatha agus in áiseanna páirceála agus taistil.</p>

10.5.5 Talmhaíocht agus Talamhúsáid

Is í an talmhaíocht an earnáil is mó a ghineann astaíochtaí gás ceaptha teasa, mar gheall ar an sciar ard feirmeoireachta arúla agus beostoic atá ar bun sa chontae. Ar bhonn feirm ar fheirm, bíonn na hastaíochtaí iomlána an-éagsúil ag brath ar chineál an aschuir a tháirgtear, na cleachtais feirmeoireachta atá in úsáid, agus toiscaí nádúrtha amhail aimsir, topagrafaíocht agus hidreolaíocht.

Is suntasach freisin aon athrú a dhéantar ar thalamhúsáid. Tá ról lárnach ag crainn sa timthriall carbóin, agus déanann siad méideanna móra carbóin a ionsú agus a stóráil. Baintear an buntáiste sin nuair a dhéantar limistéar a dhífhoraoisiú chun críche na talmhaíochta, ach anuas air sin, scaoiltear an carbón a bhí á stóráil roimhe sin ar ais san atmaisféar.

Straitéis Mhaolaithe	Cuspóirí Gaolmhara
- Cur chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun tosaigh i leith cleachtais talmhaíochta	BEA TUA 17: Earnáil talmhaíochta fhuinniúil shláintiúil a chinntiú, bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, agus ag an am céanna, fostaíocht mhalartach a aimsiú i gceantair thuaithe, nó gar dóibh, chun go gcothófaí pobail tuaithe.
- Caighdeán na talún portaigh a chothabháil agus a fheabhsú chun a hastaíochtaí a laghdú	BEA OID 45: A chinntiú go gcaomhnaítear limistéir phortaigh a ainmnítear (nó a bhfuil sé molta go n-ainmneofaí iad) mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta dá dtábhacht éiceolaíochta, rialaithe comhshaoil, seandálaíochta, chultúrtha agus oideachais.

10.5.6 Cónaithe

Is iad na gníomhaíochtaí agus na próisis atá riachtanach chun tithe a théamh agus leictreachas a tháirgeadh is cúis go príomha leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhíonn á dtáirgeadh san earnáil chónaithe. Is sciar suntasach de na hastaíochtaí go foriomlán é idiú díreach príomholáí i dteaghlaigh (gás nádúrtha, ola teasa, gual, ceirisín, móin srl.), ach tá na hastaíochtaí CO₂ a bhaineann le giniúint cumhachta leictre lena húsáid ag teaghlaigh an-ard freisin, agus áiríonn sin cailteanais i dtaca leis an leictreachas.

Ní mór na caighdeáin fuinnimh foirgníochta i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú, agus teastaíonn cuspóirí agus beartais chun laghdú agus éifeachtúlacht maidir le húsáid leictreachais agus fuinnimh i dtithe a chur chun cinn agus a dhreasú.

Straitéis Mhaolaithe	Cuspóirí Gaolmhara
- Dearadh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh a chur ar aghaidh agus a éascú, mar aon le leagan amach agus láithreacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de	BEA BON 37: Iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht fuinnimh sholáthar foirgneamh reatha an Chontae a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtas caomhantais ailtireachta agus an éifeachtúlacht fuinnimh agus an caomhantas a chur chun cinn i ndearadh agus forbairt gach foirgnimh nua sa Chontae, i gcomhréir le Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta (Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú).

	<p>BEA BON 38: Tograí nua forbartha a spreagadh chun an éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú leis an láithreánú, an leagan amach agus an dearadh, agus an dea-chleachtas a chuimsiú maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh, an caomhantas agus an teicneolaíocht chliste.</p> <p>BEA BON 39: Baint amach ardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta comhshaoil a spreagadh san fhorbairt.</p> <p>BEA BON 40: Scéimeanna píolótacha, a chuireann bealaí nuálaíocha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt isteach chun cinn, a spreagadh agus a eascú.</p> <p>CUS BON 43: Grianphainéil fhótavoltacha a éileamh, i gcás go mbeidh siad indéanta agus infheidhme, ar fhorbairtí nua cónaithe agus tráchtála, agus ar fhoirgnimh nua phoiblí chun críocha leictreachas a ghiniúint/stóráil agus/nó uisce a théamh ionas go n-íoslaghdófaí astaíochtaí carbóin agus go laghdófaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus costas fuinnimh.</p> <p>CUS BON 49: Tacú le teaschaidéil a úsáid mar mhalartú ar choirí gáis, más cuí, i bhforbairtí baile agus tráchtála.</p> <p>BEA TS 7: Cruthú pobal mealltach, ilchineálach, inbhuanaithe a spreagadh agus a chothú, lena n-áireofar meascán cuí de chineálacha tithíochta agus de thionachtaí ina bhfuil áiseanna, taitneamhachtaí agus seirbhísí tacaíochta a fhreastalóidh ar riachtanais an phobail iomláin agus a bheidh de réir phrionsabail an dearaidh uilíoch, a oiread agus is féidir.</p>
<p>- Úsáid níos leithne a bhaint as breoslaí ísealcharbóin sa bhaile.</p>	<p>BEA BON 44: Tacú le Pobail Fuinnimh Inmharthana agus tionscnaimh de chuid grúpaí pobail áitiúil chun deiseanna fuinnimh ghlain a fhorbairt laistigh den chontae.</p> <p>CUS BON 40: Féachaint leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú sa Chontae, agus chuige sin, éileamh fuinnimh na bhfoirgneamh reatha a laghdú, go háirithe tithe cónaithe.</p> <p>CUS BON 41: Giniúint agus soláthar roghanna eile fuinnimh ísealcharbóin agus inathnuaite a chur chun cinn, ag féachaint do na deiseanna a chuireann ordlathas lonnaíochta an Chontae agus an timpeallacht thógtha ar fáil.</p>

	<p>CUS BON 42: Tacú le poitéinseal fuinnimh inathnuaite sa Chontae a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) san áireamh.</p> <p>CUS BON 43: Grianphainéil fhótavoltacha a éileamh, i gcás go mbeidh siad indéanta agus infheidhme, ar fhorbairtí nua cónaithe agus tráchtála, agus ar fhoirgnimh nua phoiblí chun críocha leictreachas a ghiniúint/stóráil agus/nó uisce a théamh ionas go n-íoslaghdófaí astaíochtaí carbóin agus go laghdófaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus costas fuinnimh.</p>
--	--

10.5.7 Tionscal agus Seirbhísí

Ar fud na tíre, is é an phríomhfhoinsé gás ceaptha teasa a ghintear sna hearnálacha tionscail agus tráchtála ná dóchán breoslaí a úsáidtear sa déantúsaíocht, astaíochtaí ó phróisis tionscail, agus scaoileadh astaíochtaí gáis fluairínithe.

Is é an soilsiú poiblí is cúis le sciar mór d'úsáid fuinnimh na Comhairle féin.

Cé go n-ídíonn na hearnálacha tionscail agus tráchtála an-chuid fuinnimh, tá cuid mhaith roghanna ann a chabhródh maidir le hastaíochtaí a laghdú go suntasach. Áirítear leo sin méadú ar úsáid teicneolaíochta ísealcharbóin agus teicneolaíochta atá tíosach ar fhuinneamh, chomh maith le haistriú go dtí soláthairtí fuinnimh ísealcharbóin.

Straitéis Mhaolaithe	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> - Tíos ar fhuinneamh a chur chun cinn ó thaobh tógáil foirgneamh de, maidir le dearadh agus oibríochtaí, mar aon le leagan amach agus láithreacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de 	<p>BEA FE 15: Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí atá ann cheana agus do ghnólachtaí nua ar mhaith leo acmhainní a athúsáid agus a athchúrsáil a mhéid agus is féidir, samhail ghnó nua a chruthú agus an nuálaíocht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn.</p> <p>BEA BON 37: Iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht fuinnimh sholáthar foirgneamh reatha an Chontae a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtas caomhantais ailtireachta agus an éifeachtúlacht fuinnimh agus an caomhantas a chur chun cinn i ndearadh agus forbairt gach foirgnimh nua sa Chontae, i gcomhréir le Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta (Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú).</p> <p>BEA BON 38: Tograí nua forbartha a spreagadh chun an éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú leis an láithreánú, an leagan amach agus an dearadh, agus an dea-chleachtas a chuimsiú maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh, an caomhantas agus an teicneolaíocht chliste.</p>

	<p>BEA BON 39: Baint amach ardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta comhshaoil a spreagadh san fhorbairt.</p> <p>BEA BON 40: Scéimeanna pólótacha, a chuireann bealaí nuálaíocha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt isteach chun cinn, a spreagadh agus a eascú.</p> <p>CUS FE 69: Oibriú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun a chinntiú go nglacfaí cur chuige inbhuanaithe i dtaca le forbairt fiontair agus cruthú fostaíochta ar fud na n-earnálacha ar fad i ngeilleagar na Mí, de réir na gcreat náisiúnta don Gheilleagar Glas atá ábhartha do gach earnáil.</p> <p>CUS FE 70: Teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara rialtais, gníomhaireachtaí fiontraíochta agus ionadaithe earnála go léir chun cineálacha cur chuige 'glasa' i leith forbairt eacnamaíoch a chur i bhfeidhm, agus comhoibriú go gníomhach le príomhchomhlachtaí tionscail agus oideachais chun tionscnaimh atá bunaithe sa Mhí ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha a chur chun cinn.</p> <p>CUS BON 43: Grianphainéil fhótavoltacha a éileamh, i gcás go mbeidh siad indéanta agus infheidhme, ar fhorbairtí nua cónaithe agus tráchtála, agus ar fhoirgnimh nua phoiblí chun críocha leictreachas a ghiniúint/stóráil agus/nó uisce a théamh ionas go n-íoslaghdófaí astaíochtaí carbóin agus go laghdófaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus costas fuinnimh.</p> <p>CUS BON 49: Tacú le teaschaidéil a úsáid mar mhalartú ar choirí gáis, más cuí, i bhforbairtí baile agus tráchtála.</p> <p>CUS BON 39: Tacú le gealltanais fuinnimh inathnuaite na hÉireann, arna léiriú sa bheartas náisiúnta, trí fhorbairt agus saothrú foinsí fuinnimh inathnuaite, amhail fuinneamh gréine, gaoithe, geoiteirmeach, hidreafhuinneamh agus bithfhuinneamh, a éascú ag suíomhanna oiriúnacha sa Chontae, nuair nach mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt sin ar an timpeallacht máguaird (cáilíocht an uisce san áireamh), an tírdhreach, an bhithéagsúlacht nó ar thaitneamhachtaí áitiúla ionas go bhfreastalófaí ar tuilleadh forbartha cónaithe agus fiontraíochta sa chontae.</p>
--	--

10.5.8 Fuinneamh

Cé nach bhfuil astaíochtaí ón earnáil fuinnimh san áireamh go díreach san fhardal thuas, is ó tháirgeadh leictreachais ó fhoinsí neamh-inathnuaite a eascraíonn an-chuid de na foinsí astaíochtaí thuasluaite go neamhdhíreach (go háirithe sna hearnálacha cónaithe agus tionscail/seirbhísí). Tá dó breoslaí iontaise chun críche giniúint leictreachais ina phríomhfhoinsí d'astaíochtaí.

Ní foláir mar sin go mbeadh Beartais agus Cuspóirí dírithe ar an éileamh agus an gá le breoslaí iontaise a laghdú, agus ina ionad sin, úsáid níos leithne cineálacha fuinnimh inathnuaite a spreagadh.

Straitéis Mhaolaithe	Cuspóirí Gaolmhara
<p>- Úsáid níos leithne foinsí fuinnimh inathnuaite a spreagadh</p>	<p>BEA BON 34: Foinsí fuinnimh inbhuanaithe agus roghanna eile fuinnimh inbhuanaithe atá ar fáil go háitiúil a chur chun tosaigh, ar an gcoinníoll nach bhfuil drochthionchar ag a leithéid sin d'fhorbairt ar an timpeallacht máguaird (lena n-áirítear ar cháilíocht an uisce), an tírdhreach, an bhithéagsúlacht nó taitneamhachtaí áitiúla.</p> <p>BEA BON 35: Féachaint le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhonn éifeachtúlacht fuinnimh agus forbairt foinsí fuinnimh inathnuaite, trí leas a bhaint as acmhainní nádúrtha an Chontae ar bhealach a oireann don chomhshaol agus atá ag teacht leis an dea-chleachtas agus leis na prionsabail phleanála.</p> <p>BEA BON 41: Forbairt fuinnimh gaoithe a ghríosú, de réir bheartas an Rialtais, agus de réir Mheasúnacht ar Nádúr Thírdhreach an Chontae agus na dTreoirínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2006), nó aon leasuithe díobh.</p> <p>BEA BON 42: I gcomhar le EMRA, tacú le sainaitheint Criosanna Fuinnimh Straitéiseacha, is é sin, limistéir inar féidir freastal ar mhórtionscadail a nginfear fuinneamh mar thoradh orthu, laistigh de Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.</p> <p>BEA BON 44: Tacú le Pobail Fuinnimh Inmharthana agus tionscnaimh de chuid grúpaí pobail áitiúil chun deiseanna fuinnimh ghlain a fhorbairt laistigh den chontae.</p> <p>CUS BON 39: Tacú le gealltanais fuinnimh inathnuaite na hÉireann, arna léiriú sa bheartas náisiúnta, trí fhorbairt agus saothrú foinsí fuinnimh inathnuaite, amhail fuinneamh gréine, gaoithe, geoiteirmeach, hidreafhuinneamh agus bithfhuinneamh, a éascú ag suíomhanna oiriúnacha sa Chontae, nuair nach mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt sin ar an timpeallacht máguaird (cáilíocht an uisce san áireamh), an tírdhreach, an bhithéagsúlacht nó ar thaitneamhachtaí áitiúla ionas go bhfreastalófaí ar tuilleadh forbartha cónaithe agus fiontraíochta sa chontae.</p>

	<p>CUS BON 41: Giniúint agus soláthar roghanna eile fuinnimh ísealcharbóin agus inathnuaite a chur chun cinn, ag féachaint do na deiseanna a chuireann ordlathas lonnaíochta an Chontae agus an timpeallacht thógtha ar fáil.</p> <p>CUS BON 42: Tacú le poitéinseal fuinnimh inathnuaite sa Chontae a thairdeadh agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) san áireamh.</p> <p>CUS BON 43: Grianphainéil fhótavoltacha a éileamh, i gcás go mbeidh siad indéanta agus infheidhme, ar fhorbairtí nua cónaithe agus tráchtála, agus ar fhoirgnimh nua phoiblí chun críocha leictreachas a ghiniúint/stóráil agus/nó uisce a théamh ionas go n-íoslaghdófaí astaíochtaí carbóin agus go laghdófaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus costas fuinnimh.</p> <p>CUS BON 47: Iniúchadh a dhéanamh ar Straitéis Fuinnimh Inathnuaite a ullmhú, ina ndéanfar na teicneolaíochtaí is mó a bheadh oiriúnach sa Chontae a chur chun cinn.</p> <p>CUS BON 48: Tacú le gealltanais na hÉireann maidir le fuinneamh inathnuaite, agus chuige sin, úsáid córas um théamh ceantair i bhforbraíochtaí cónaithe agus fiontair uirbeacha a chur ar aghaidh, ar an gcoinníoll nach mbeadh drochthionchar ag a leithéid d'fhorbraíochtaí ar an tírdhreach máguaird, ar an gcomhshaol, ar an mbithéagsúlacht nó ar thaitneamhachtaí áitiúla.</p>
--	--

10.6 Oiriúnú don Athrú Aeráide

Beidh iarmhairtí sonracha i gceist i gContae na Mí mar thoradh ar aeráid a bhíonn ag síorathrú, agus is iad na hathruithe measta seo a leanas is mó a bheidh ina gcúiseanna imní don Chontae amach anseo, meastar.

- Táthar ag tuar go mbeidh ardú suas le 1.7 °C ar na meánteochtaí faoi 2060, agus is in oirthear na hÉireann a bheidh na hathruithe is suntasaí, meastar.
- I gcás an chuid is measa den teas agus den fhuacht, d'fhéadfadh na teochtaí a bheith níos airde faoi suas le 2.6 °C ar na laethanta samhraidh is teo, agus d'fhéadfadh ardú 3.1 °C a bheith i gceist ar na laethanta geimhrídh is fuair faoi 2060.
- Faoi 2060 freisin, meastar go mbeidh méadú idir 12% agus 40% ar thréimhsí fada tirime sa samhradh.
- Táthar den tuairim go méadóidh minicíocht na dteagmhas báistí troime faoi 20%.

Tá ardú 0.55 m i ndán do leibhéal na farraige faoi 2050. Is éard a chiallaíonn "Oiriúnú" aon choigeartú ar - (a) aon chóras a dhearann an duine nó a bhíonn á oibriú ag an duine, lena n-áirítear córas eacnamaíochta, talmhaíochta nó teicneolaíochta, nó (b) aon chóras a thagann ar an bhfód go

nádúrtha, lena n-áirítear éiceachóras, atá ceaptha cur i gcoinne na n-iarmhairtí (is cuma cé acu an iarmhairtí reatha nó measta atá i gceist) a bhaineann le spreagadh aeráide, damáiste comhshaoil de bharr an athraithe aeráide a chosc ná a mhaolú, nó tairbhí comhshaoil a sholáthar.

Cuireadh measúnú riosca maidir leis an athrú aeráide i bhfeidhm do Chontae na Mí, agus rinneadh iniúchadh sa mheasúnú ar iarmhairtí sonracha i roinnt mhaith earnálacha, chomh maith le dóchúlacht agus méid na n-iarmhairtí sin sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.

Tá achoimre ar na hiarmhairtí sin thíos, agus ar na réimsí ar sonraíodh ceisteanna maidir le hoiriúnú ina leith i gcaibidlí roimhe seo sa phlean forbartha.

10.6.1 Iompar

Príomhrioscaí	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> Damáiste méadaithe do dhromchlaí asfailt ar bhóithre mar thoradh ar theochtaí níos airde Ardú ar leibhéal na farraige, agus méadú dá bharr ar an riosca tuilte ar bhóithre cósta, chomh maith le creimeadh na mbóithre sin Ardú ar mhéid agus mhinicíocht borrthaí stoirme, rud a mbeidh riosca níos airde damáiste agus dúnta bóithre mar thoradh air Teagmhais tuile níos minice tar éis báisteach throm; beidh damáiste do bhóithre agus dúntadh bóithre mar thoradh orthu, chomh maith le damáiste do bhonneagar bóthair amhail droichid. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí iarmhartacha ag na rioscaí thuas ar ghnó agus thionscal sna ceantair ina dtarlaíonn siad Tá an baol ann go gcuirfí isteach go mór ar an iompar poiblí tar éis tuilte agus dúntadh bóithre, agus go ndéanfaí damáiste don bhonneagar iompair phoiblí, amhail busanna agus críochfoirt bhusanna 	<p>CUS BON 23: Tuilemhánna, bogaigh agus ceantair chósta a bhíonn faoi réir tuile a chosaint agus a fheabhsú mar “bhonneagar glas” a chuireann spás ar fáil do thuile a stóráil agus a iompar, agus a chinntiú nach dtéann an fhorbairt i bhfeidhm ar shuíomhanna tábhachtacha bogaigh laistigh de dhobharcheantair aibhneacha/sruthán.</p> <p>CUS BON 30: A chinntiú go mbíonn cosaintí nádúrtha cósta an Chontae, amhail tránna, dumhcha gainimh, riasca goirt agus tailte inbhir, á gcosaint agus nach mbíonn dochar á dhéanamh dóibh trí oibreacha nó cineálacha forbartha míchuí.</p> <p>CUS BON 32: Oibreacha cosanta cósta riachtanacha a aithint, tosaíocht a dhéanamh dóibh agus iad a chur i bhfeidhm faoi réir fáil a bheith ar acmhainní, fad is a chinnteofaí ardleibhéal cosanta do ghnáthóga agus gnéithe nádúrtha, agus a chinntiú go dtugtar an aird chuí ar chúrsaí amhairc agus comhshaoil eile nuair a bhíonn a leithéid d'oibreacha cosanta cósta á ndearadh. Áireofar leis sin limistéir chósta a shainaithint atá íogair maidir leis an athrú aeráide, agus an creimeadh cósta a tharlaíonn dá bharr.</p>

10.6.2 Bonneagar Fuinnimh agus Dramhaíola

Príomhrioscaí	Cuspóirí Gaolmhara
<p><i>Fuinneamh</i></p> <ul style="list-style-type: none"> An borradh féideartha ar an éileamh ar fhuinneamh chun freastal ar riachtanais fuaraithe le linn tonn teasa D'fhéadfadh go mbeadh damáiste/briseadh maidir leis an mbonneagar agus an soláthar fuinnimh mar thoradh ar thuilte Is é an bonneagar cósta go háirithe a bheidh i mbaol damáiste, agus tá riosca ar leith ag baint le borrthaí stoirme méadaithe D'fhéadfadh go mbeadh laghdú ar 	<p>BEA BON 37: Iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht fuinnimh sholáthar foirgneamh reatha an Chontae a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtas caomhantais ailtireachta agus an éifeachtúlacht fuinnimh agus an caomhantas a chur chun cinn i ndearadh agus forbairt gach foirgnimh nua sa Chontae, i gcomhréir le Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta (Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú).</p> <p>BEA BON 38: Tograí nua forbartha a spreagadh</p>

<p>éifeachtúlacht agus méadú ar chostais mar thoradh ar thoilleadh laghdaithe i línte dáileacháin agus tarchuir i dteochtaí níos airde</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá an chosúlacht air go mbeidh ardú suntasach ar an éileamh ar úrúisce lena úsáid chun críche fuaraithe i gcás teochtaí níos airde, agus d'fhéadfadh sin drochthionchar a bheith aige ar an soláthar uisce, atá faoi bhrú cheana féin <p><i>Dramhaíl</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Baol méadaithe go ndéanfaí damáiste d'áiseanna dramhaíola Tuilleadh dramhaíola ann tar éis tuilte agus báisteach throm D'fhéadfadh éilliú screamhuisce/uisce dromchla a bheith ann mar thoradh ar thuilte i láithreáin líonta talún 	<p>chun an éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú leis an láithreánú, an leagan amach agus an dearadh, agus an dea-chleachtas a chuimsiú maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh, an caomhantais agus an teicneolaíocht chliste.</p> <p>BEA BON 40: Scéimeanna píolótacha, a chuireann bealaí nuálaíochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt isteach chun cinn, a spreagadh agus a eascú.</p> <p>CUS BON 14: Úsáid CIDU a éileamh laistigh d'Fhorbairtí Údarás Áitiúil agus tionscadail eile a bhaineann le bonneagar i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála.</p> <p>CUS BON 15: Úsáid CIDU a éileamh i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála i gcás forbairtí nua (sintí san áireamh).</p> <p>CUS BON 16: A chinntiú go gclóifeadh gach forbraíocht nua le hAlt 3.12 de Chód Cleachtais um Oibreacha Draenála Mhór-Réigiún Bhaile Átha Cliath V6, ina leagtar amach na riachtanais i gcás forbraíochtaí nua chun freastal ar an Athrú Aeráide.</p> <p>BEA BON 19: Torthaí agus moltaí an Mheasúnaithe Straitéisigh ar Phriacal Tuile a ullmhaíodh i gcomhar leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae a chur i bhfeidhm, ag cinntiú go gcuirfí an t-athrú aeráide san áireamh.</p> <p>BEA BON 20: Measúnú ar Phriacal Tuilte a éileamh d'aon togra forbartha, áit a bhféadfadh priacal tuilte a bheith ann i gcomhréir leis "an gCóras Pleanála agus Bainistiú Priacal Tuilte – Treoirlínte d'Údarás Pleanála" (RCORA/OOP, 2009). Beidh an measúnú sin oiriúnach do mhéid agus nádúr an riosca don agus ón bhforbairt féideartha agus cuirfidh se tionchar na hathraithe aeráide san áireamh.</p> <p>BEA BON 24: A chinntiú go gcuimseofaí bainistiú riosca i gcás tuilte in ullmhú Pleananna Ceantair Áitiúil de réir an doiciméid 'An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte le haghaidh Údarás Áitiúla (2009)'.</p> <p>BEA BON 26: Athbhreithniú a dhéanamh ar an 'Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte do Chontae na Mí' i bhfianaise chríochnú na mapála tuile a forbraíodh mar chuid de Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dhobharcheantar an Oirthir.</p> <p>BEA BON 26: Tabhairt faoi athbhreithniú ar an</p>
---	--

	<p>'Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte do Chontae na Mí' i bhfianaise chríochnú na mapála tuile a forbraíodh mar chuid de Staidéar Measúnaithe agus Bainistithe Riosca i gCás Tuilte Dhobharcheantar an Oirthir.</p> <p>CUS BON 25: A éileamh go n-úsáidfí Córais Draenála Inbhuanaithe chun méid na ndromchlaí agus na pábhála crua a laghdú agus a theorannú, agus a éileamh go n-úsáidfí teicnící draenála inbhuanaithe, áit ar cuí, i gcomhair forbraíochtaí nua nó i gcomhair síneadh ar fhorbraíochtaí seanbhuanaithe, d'fhonn tionchar féideartha na rioscaí reatha agus measta i gcás tuilte a laghdú.</p> <p>CUS BON 27: Úsáid teicneolaíocht Díonta Glasa a chur chun cinn go háirithe ar fhoirgnimh tráchtála, fóillíochta, oideachas agus árasáin.</p> <p>BEA BON 29: Soláthar cosaintí nua tuilte agus bearta cosanta nua in aghaidh tuilte a éascú, nó na cosaintí agus na bearta atá ann cheana a neartú, más gá, agus go háirithe tacú le scéimeanna tuile atá á ndul tríd an bpróiseas pleanála le linn shaolré an Phlean a chur i bhfeidm. Beidh soláthar na gcosaintí tuilte ag brath ar thoradh an phróisis Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar suíomhanna agus/nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na déanmhais cosanta tuilte ar shláine Láithreán Eorpach, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Más amhlaidh, d'ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go mbeadh riosca ann i gcónaí go ndéanfadh na tograí díobháil do shláine na Láithreán Eorpach, ní rachaidh an tionscadal ar aghaidh mura gcuirfí i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnódh/laghdódh an tionchar ionas nach gcuirfí isteach ar shláine an Láithreáin Eorpaigh/na Láithreán Eorpach níos mó. Tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de ag céim an deartha shonraigh go bhféadfaí, agus go ndéanfar, aon fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag tionscadal ar Láithreáin Eorpacha, a réiteach trí hionaid nó dearáí malartacha a chomhlíonfadh a bhfeidhm/ról fós a iniúchadh.</p> <p>CUS BON 30: A chinntiú go mbíonn cosaintí nádúrtha cósta an Chontae, amhail tránna, dumhcha gainimh, riasca goirt agus tailte inbhir, á gcosaint agus nach mbíonn dochar á dhéanamh dóibh trí oibreacha nó cineálacha forbartha míchuí.</p>
--	---

10.6.3 Bainistiú Acmhainní Uisce

Príomhrioscaí	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> Aon bhorrthaí éilimh ar uisce a bheidh ann i gcás teochtaí níos airde, d'fhéadfaidís toilleadh an tsoláthair uisce a shárú. Is suntasach go háirithe an t-éileamh méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar uisce chun an bonneagar fuinnimh agus tionscail a fhuarú. Toisc an bhrú ar na pointí astarraingthe reatha le linn triomaigh, d'fhéadfadh nach mbeidís leordhóthanach le freastal ar an éileamh. Is é is dóichí ná go mbeadh na rioscaí maidir le cáilíocht an uisce níos measa le linn teagmhais aimsire an-dona, go háirithe más amhlaidh a tharlaíonn na teagmhais sin ag am céanna le toirchiú talún talmhaíochta. Riosca méadaithe de thuilte/forsceitheadh séarachais. 	<p>BEA BON 1: Dul chun cainte le hUisce Éireann agus obair i gcomhpháirt leo chun na córais soláthair uisce a fhorbairt agus a uasghrádú, lena chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach inbhuanaithe eacnamúil d'uisce píopaí ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine sa Chontae.</p> <p>BEA BON 2: An soláthar uisce reatha a úsáid ar bhealach éifeachtúil cothrom agus chun leasa pheanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an Chontae.</p> <p>BEA BON 3: Féachaint le hacmhainní uisce a fháil don Chontae i gcomhar le hUisce Éireann ó aon tionscadal a sholáthraíonn uisce do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ón tSionainn nó ó aon fhoinsé uisce eile.</p> <p>CUS BON 6: Dul chun cainte le hUisce Éireann agus obair i gcomhar leo agus iad ag iarraidh bearta caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm.</p> <p>BEA BON 31: Na foinsí screamhuisce agus na huiscígh atá sa Chontae cheana a chosaint agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, agus an fhorbairt a bhainistiú sa chaoi go gcosnófaí na hacmhainní sin.</p>

10.6.4 An Timpeallacht Thógtha: Cónaithe, Gnó agus Tionscal, agus Seirbhísí

Príomhrioscaí	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> Baol méadaithe de róthéamh ann i bhfoirgnimh sa samhradh, go háirithe i gcás tithe nua ina bhfuil rialacháin dhochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh á gcomhlíonadh An riosca go mbeadh briseadh sa soláthar uisce teaghlaigh le linn teagmhais triomaigh agus tuilte araon. D'fhéadfadh ísliú cáilíochta a bheith ann dá bharr, rud a bheadh ina chúis imní ó thaobh na sláinte agus na folláine de D'fhéadfadh go sárófaí an toilleadh draenála atá ann faoi láthar i gcás teagmhais bhaistí an-trom Bheadh an bonneagar cósta i mbaol dá dtiocfadh méadú ar fhorleithne borrrthaí stoirme D'fhéadfadh go dtarlódh damáiste, taise agus músacán i bhfoirgnimh mar thoradh ar riosca méadaithe tuilte. 	<p>CUS SÓIS 2: Soláthar aonad tithíochta inoiriúnaithe saoil a chur chun cinn agus cabhrú leis sin chun riachtanais gach baill den phobal a chomhlíonadh agus an t-athrú aeráide á chur san áireamh.</p> <p>CUS BON 14: Úsáid CIDU a éileamh laistigh d'Fhorbairtí Údaráis Áitiúil agus tionscadail eile a bhaineann le bonneagar i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála.</p> <p>CUS BON 15: Úsáid CIDU a éileamh i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála i gcás forbairtí nua (sintí san áireamh).</p> <p>BEA BON 19: Torthaí agus moltaí an Mheasúnaithe Straitéisigh ar Phriacal Tuile a ullmhaíodh i gcomhar leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae a chur i bhfeidhm, ag cinntiú go gcuirfí an t-athrú aeráide san áireamh.</p>

<ul style="list-style-type: none"> • D'fhéadfadh go ndéanfaí damáiste do stoc agus d'innealra mar gheall ar thuilte tromchúiseacha. D'fhéadfadh an rochtain agus an t-éileamh ar shiopaí agus taitneamhachtaí a bheith laghdaithe de bharr damáiste do bhóithre agus dúnadh bóithre, agus d'fhéadfadh drochthionchar suntasach ar an ngeilleagar a bheith mar thoradh air sin. • Damáiste do thaitneamhachtaí criticiúla amhail seirbhísí sláinte, agus easpa rochtana orthu. 	<p>BEA BON 20: Measúnú ar Phriacal Tuile a éileamh d'aon togra forbartha, áit a d'fhéadfadh priacal tuile a bheith ann i gcomhréir le "An Córas Pleanála agus Bainistiú Priacal Tuile – Treoirlínte d'Údaráis Pleanála" (DoECLG/OOP, 2009). Beidh an measúnú sin oiriúnach do mhéid agus nádúr an riosca don agus ón bhforbairt féideartha agus cuirfidh se tionchar na hathraithe aeráide san áireamh.</p> <p>BEA BON 24: A chinntiú go gcuimseofaí bainistiú riosca i gcás tuilte in ullmhú Pleananna Ceantair Áitiúil de réir an doiciméid 'An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte le haghaidh Údaráis Áitiúla (2009)'.</p> <p>BEA BON 26: Athbhreithniú a dhéanamh ar an 'Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte do Chontae na Mí' i bhfianaise chríochnú na mapála tuile a forbraíodh mar chuid de Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dhobharcheantar an Oirthir.</p> <p>CUS BON 21: Srian a chur le forbairt nua laistigh de thuilemhánna seachas forbairtí a shásaíonn an Tástáil Réasúnaithe, mar a leagtar amach sna Treoirlínte Córas Pleanála agus Bainistíocht Baol Tuilte 2009 do na hÚdaráis Phleanála (nó aon treoirlínte nuashonraithe).</p> <p>CUS BON 14: Úsáid CIDU a éileamh laistigh d'Fhorbairtí Údaráis Áitiúil agus tionscadail eile a bhaineann le bonneagar i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála.</p> <p>CUS BON 15: Úsáid CIDU a éileamh i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála i gcás forbairtí nua (sintí san áireamh).</p> <p>CUS BON 27: Úsáid teicneolaíocht Díonta Glasa a chur chun cinn go háirithe ar fhoirgnimh tráchtála, fóillíochta, oideachas agus árasáin.</p> <p>BEA BON 29: Soláthar cosaintí nua tuilte agus bearta cosanta nua in aghaidh tuilte, nó na cosaintí agus na bearta atá ann cheana a neartú, a éascú más gá, agus go háirithe tacú le scéimeanna tuile atá á ndul tríd an bpróiseas pleanála le linn shaolré an Phlean a chur i bhfeidm.</p> <p>CUS BON 30: A chinntiú go mbíonn cosaintí nádúrtha cósta an Chontae, amhail tránna, dumhcha gainimh, riasca goirt agus tailte inbhir, á gcosaint agus nach mbíonn dochar á dhéanamh dóibh trí oibreacha nó cineálacha forbartha míchuí.</p>
---	--

10.6.5 Talmhaíocht

Príomhríosaí	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> • D'fhéadfadh go dtiocfadh íslíú ar thorthaí na mbarr mar thoradh ar strus teirmeach i bplandaí. Tá seans ann freisin go dtiocfadh lotnaidí agus galair ionracha nua ar an bhfód de bharr teochtaí níos airde, agus go mbeadh drochthionchar acu sin ar bharráí agus bheostoc araon • Strus méadaithe in ainmhithe de bharr ganntanas uisce agus tonn teasa • D'fhéadfadh riachtanais mhéadaithe maidir le huisciú a bheith ann le linn teagmhais triomaigh níos minice • An baol go mbeadh cailteanas/damáiste méadaithe do bharráí ann le linn tuilte agus i gcás nach mbeadh fáil ar innealra feirmeoireachta. Riosca méadaithe de bhásmhaireacht beostoic, agus an baol go gcaillfí talamh féaraigh • Dá ndéanfadh uisce damáiste do stórtha fodair, tá seans go n-ísleofaí an fodar a bheadh ar fáil don bheostoc • Cailteanas bonneagair feirme nó damáiste dó le linn teagmhais báistí troime agus tuilte 	<p>BEA OID 43: Dea-chleachtas maidir le speicis ionracha a rialú a chur chun cinn agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh i gcomhar leis na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.</p> <p>BEA OID 44: A éileamh go pléifí i ngach togra forbartha le speicis choimhthíocha ionracha a bheith ann nó gan a bheith ann ar láithreáin bheartaithe forbartha agus a éileamh ar iarratasóirí <i>Plean Bainistíochta Speiceas Ionracha</i> a ullmhú agus a chur isteach i gcás gurb ann do speiceas den chineal sin chun forálacha <i>Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011-2015</i> a chomhlíonadh (más gá).</p> <p>BEA TUA 17: Éarnáil talmhaíochta atá bríomhar agus folláin a choimeád bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus fostaíocht eile a aimsiú ag an am céanna i gceantar tuaithe nó gar do cheantair tuaithe chun pobail tuaithe a chothú.</p> <p>BEA TUA 21: Obair i gcomhar le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus páirtithe leasmhara eile chun limistéir a shainaithe sa Chontae ina bhfuil talamh talmhaíochta ardluacha d'fhonn freastal ar an ngá le soláthairtí bia inbhuanaithe. Áireofar leis an measúnú sin plé ar chásanna féideartha maidir leis an aeráid sa todhchaí agus ar infhaighteacht uisce chun críche na talmhaíochta.</p> <p>CUS TUA 30: Forbairt na talmhaíochta a éascú agus cinntiú go gcosnaítear uiscí nádúrtha, gnáthóga fiadhúlra agus limistéir chaomhantais ar an truailliú.</p>

10.6.6 Éiceachórais agus Bithéagsúlacht

Príomhrioscaí	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> • Méadú ar fhorleithne speiceas ionrach i dteochtaí níos airde, mar thoradh ar scaipeadh na speiceas atá ann cheana agus speicis nua ag teacht ar an bhfód. Baol méadaithe go gcaillfí speicis dhúchasacha • Riosca ardaithe dóiteán foraoise le linn teagmhais triomaigh • Baol méadaithe go ndéanfaí damáiste do ghnáthóga nó go gcaillfí iad le linn teagmhais tuilte, chomh maith le baol go mbeadh méadú suntasach ar rátaí creimthe • Tá na héiceachórais sa chrios cósta (agus na seirbhísí/feidhmeanna a sholáthraíonn siad) go mór i mbaol caillteanais/damáiste 	<p>CUS BON 22: A chinntiú go ndearfar bearta um fhaoiseamh tuilte sa chaoi go gcosnófar cuspóirí caomhantais na láithreán Natura 2000, agus go seachnófar iarmhairtí díreacha nó indíreacha ar leasanna cáilitheacha nó láithreáin Natura 2000 a mbeadh drochthionchar acu ar shláinte láithreáin.</p> <p>CUS BON 23: Tuilemhánna, bogaigh agus ceantair chósta a bhíonn faoi réir tuile a chosaint agus a fheabhsú mar “bhoneagar glas” a chuireann spás ar fáil do thuile a stóráil agus a iompar, agus a chinntiú nach dtéann an fhorbairt i bhfeidhm ar shuíomhanna tábhachtacha bogaigh laistigh de dhobharcheantair aibhneacha/sruthán.</p> <p>CUS BON 31: Leas a bhaint as teicnící innealtóireachta boga de rogha ar oibreacha crua um chosaint cósta, mar is cuí.</p> <p>CUS BON 32: Oibreacha cosanta cósta riachtanacha a shainaitheint, a chur chun tosaigh, agus a chur i bhfeidhm, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, agus ag an am céanna, ardeibhéal cosanta a chinntiú le haghaidh gnáthóg agus tréithe nádúrtha, agus a chinntiú go gcuirfear gnéithe físiúla agus gnéithe comhshaoil san áireamh le linn d’aon oibreacha cosanta cósta den chineál sin a bheith á ndearadh. Áireofar leis sin limistéir chósta a shainaitheint atá íogair maidir leis an athrú aeráide, agus an creimeadh cósta a tharlaíonn dá bharr.</p> <p>CUS BON 35: Srian a chur leis an bhforbairt feadh an chósta lasmuigh de cheantair uirbeacha atá ann cheana, i gcás nach bhfuil forbairt dá leithéid cosanta go cuí le linn shaolré na forbartha, gan gá a bheith le bearta cosanta cósta breise a thógáil.</p> <p>BEA OID 45: A chinntiú go gcaomhnaítear limistéir phortaigh a ainmnítear (nó a bhfuil sé molta go n-ainmneofaí iad) mar Limistéir Oidhreacht Náisiúnta, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta dá dtábhacht éiceolaíochta, rialaithe comhshaoil, seandálaíochta, chultúrtha agus oideachais.</p> <p>CUS OID 43: Ár dtréithe cosanta cósta nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú chun an tseasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide a láidriú.</p>

	<p>CUS OID 44: Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir tréithe cosanta cósta nádúrtha an Chontae a fheabhsú d'fhonn seasmhacht ár bpobal cósta i gcoinne an athraithe aeráide a threisiú.</p> <p>BEA OID 43: Dea-chleachtas maidir le speicis ionracha a rialú a chur chun cinn agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh i gcomhar leis na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.</p> <p>BEA OID 44: A éileamh go pléifí i ngach togra forbartha le speicis choimhthíocha ionracha a bheith ann nó gan a bheith ann ar láithreáin bheartaithe forbartha agus a éileamh ar iarratasóirí <i>Plean Bainistíochta Speiceas Ionracha</i> a ullmhú agus a chur isteach i gcás gurb ann do speiceas den chineal sin chun forálacha <i>Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011-2015</i> a chomhlíonadh (más gá).</p>
--	--

10.6.7 Oidhreacht agus Turasóireacht

Príomhrioscaí	Cuspóirí Gaolmhara
<ul style="list-style-type: none"> Baol méadaithe go gcreimfí láithreacha oidhreachta nó go ndéanfaí damáiste dóibh, agus nach meallfaí turasóirí chuig na háiteanna sin dá bharr tar éis teagmhais báistí troime agus stoirme Riosca ardaithe go dtarlódh damáiste do thalamh nó creimeadh cosán thart timpeall ar láithreacha a bhfuil tóir orthu Cailteanas taitneamhachtaí cósta nó damáiste dóibh - go háirithe i gcás gnóthais bheaga atá bailithe sna háiteanna sin Dúnadh bóithre/línte iarnróid nó damáiste dóibh, laistigh den chontae agus sna ceantair máguaird araon, rud a bhféadfadh drochthionchar ar inrochtaineacht na Mí a bheith mar thoradh air 	<p>CUS OID 4: Bainistiú agus cothabháil oidhreachta seandálaíochta an Chontae a spreagadh, lena n-áirítear reiligiú stairiúla², de réir an dea-chleachtais caomhantais is mó a chuirfidh tionchar an athraithe aeráide san áireamh</p> <p>CUS IOM 55: Measúnú riosca maidir le bonneagar iompair Chontae na Mí a chur i gcrích chun ceantair a shainnithint ina bhfuil ardriosca ó thaobh iarmhairtí athraithe aeráide de (m.sh. tuilte), le linn shaolré an Phlean Forbartha.</p> <p>CUS IOM 56: A chinntiú go gcuirfí cineálacha aeráide amach anseo san áireamh i gcás aon straitéisí um fheabhsú agus chothabháil iompair, le go mbeadh roghnú cuí ábhar ann agus sannadh tosaíochtaí maidir le bóithre atá le deisiú</p>

² An Chomhairle Oidhreachta (2011). Treoir maidir le hAire a Thabhairt do Reiligiú Stairiúla, iad a Chaomhnú agus iad a Thaifeadadh